Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11527/26**

**AGRI 572**
**AGRIORG 92**
**AGRIFIN 137**
**AGRISTR 37**
**ENV 919**
**POLCOM 274**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Straitéis Bheostoic agus Plean Próitéine an Aontais<br>– *Cur i láthair ón gCoimisiún*<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

**Téama/Comhthéacs**

Is cuid fhíor-riachtanach de thalmhaíocht an Aontais é beostoc. Cuireann earnáil an bheostoic go mór le geilleagar an Aontais agus le beogacht na bpobal tuaithe. Cuidíonn córais feirmeoireachta beostoic atá oiriúnaithe go háitiúil leis an gcomhshaol agus tírdhreacha éagsúla a chaomhnú. Tá na táirgí deiridh ó tháirgeadh beostoic an Aontais ar an gcáilíocht is airde, táirgtear iad le hardéifeachtúlacht acmhainní agus tá siad faoi réir raon leathan caighdeán inbhuanaitheachta comhshaoil. Mar sin féin, tá dúshláin roimh an earnáil maidir lena hiomaíochas agus lena hinbhuanaitheacht eacnamaíoch fhadtéarmach. Ina theannta sin, tá leochaileachtaí ag baint leis an earnáil mar gheall ar a spleáchas ar allmhairí próitéine.

Ina Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia (6385/25), a foilsíodh an 19 Feabhra 2025, gheall an Coimisiún iomaíochas agus athléimneacht earnálacha íogaire, ar nós earnáil an bheostoic, a neartú, agus plean cuimsitheach a fhorbairt chun córas próitéine de chuid an Aontais atá níos neamhthuilleamaíche agus níos inbhuanaithe a chruthú.

Leis an seisiún tuairimíochta sin, tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht deis a thabhairt don Choimisiún Straitéis Bheostoic agus Plean Próitéine an Aontais, a foilsíodh le déanaí, a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoin obair atá á déanamh aici faoi láthair agus faoin obair a dhéanfaidh sí amach anseo ar na hábhair sin.

**Treoircheisteanna**

Ní mór inmharthanacht fhadtéarmach earnáil beostoic an Aontais a áirithiú in éineacht le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht chóras próitéine an Aontais a neartú. I ndáil leis an méid sin:

- Cad iad tuairimí tosaigh na mBallstát maidir le Straitéis Bheostoic agus Plean Próitéine an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le leibhéal na huaillmhéine agus a gcomhlántacht?
- Tar éis fhoilsiú Straitéis Bheostoic agus Phlean Próitéine an Aontais, conas ba cheart obair a thabhairt chun cinn chun comhleanúnachas na gcur chuige a áirithiú?